

RIALACHÁN (AE) Uimh. 649/2012 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Iúil 2012

maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú

(athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) agus Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir le ceimiceáin chontúirteacha a onnmhairiú agus a allmhairiú ⁽³⁾ a leasú go substaintiúil roinnt uaireanta. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 a athmhúnlú ar mhaithe leis an tsoiléireacht.
- (2) Le Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 cuirtear i bhfeidhm Coinbhinsiún Rotterdam ar an nós imeachta i dtaobh toiliú feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh ceimiceán guaiseach agus lotnaidicídí áirithe sa trádáil idirnáisiúnta ⁽⁴⁾, (an "Coinbhinsiún"), a tháinig i bhfeidhm an 24 Feabhra 2004, agus glacann sé ionad Rialachán (CE) Uimh. 304/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le ceimiceáin chontúirteacha a onnmhairiú agus a allmhairiú ⁽⁵⁾.
- (3) Ar chúiseanna soiléire agus comhréireachta le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais, ba cheart sainmhínithe áirithe a thabhairt isteach nó a

shoiléiriú agus ba cheart an téarmaíocht a ailíniú leis an téarmaíocht a úsáidtear i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ⁽⁶⁾, ar thaobh amháin, agus Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán ⁽⁷⁾, ar an taobh eile. Is iomchuí a áirithiú go léirítear le forálacha an Rialacháin seo forálacha idirthréimhseacha Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, d'fhonn aon neamhréireachtaí idir amchlár chur i bhfeidhm an Rialacháin sin agus amchlár chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a sheachaint.

- (4) Leis an gCoinbhinsiún tugtar cead do Pháirtithe gníomhú ar bhealach atá níos déine ó thaobh cosaint a thabhairt do shláinte an duine agus don chomhshaol ná mar a éilítear sa Choinbhinsiún, ar choinníoll go mbeadh gníomh den sórt sin ag luí le forálacha an Choinbhinsiúin agus go mbeadh sé i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Chun leibhéal cosanta is airde a áirithiú don chomhshaol sna tíortha allmhairíochta agus don phobal i gcoitinne sna tíortha sin, is gá agus is iomchuí breis a dhéanamh ná mar a fhoráiltear le forálacha an Choinbhinsiúin i dtaobh nithe áirithe.
- (5) Maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Choinbhinsiún, tá sé riachtanach go mbeadh pointe teagmhála amháin ann d'idirghníomhaíocht an Aontais le Rúnaíocht an Choinbhinsiúin (an "Rúnaíocht") agus le Páirtithe eile sa Choinbhinsiún mar aon le tíortha eile. Ba cheart go bhfeidhmeodh an Coimisiún mar an pointe teagmhála sin.
- (6) Is gá a áirithiú go mbainisteofar agus go gcomhordófar go héifeachtúil gnéithe teicniúla agus riaracháin an Rialacháin seo ar leibhéal an Aontais. Tá an inniúlacht agus an taithí ag na Ballstáit agus ag an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (an "Gníomhaireacht") reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin agus comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le ceimiceáin a chur chun feidhme. Ba cheart do na Ballstáit agus don Gníomhaireacht, dá bhrí sin, cúraimí a chur i gcrích i dtaca le gnéithe riaracháin, teicniúla agus eolaíoch a chur chun feidhme an Choinbhinsiúin tríd an Rialachán seo, chomh maith le cúraimí i dtaca le faisnéis a mhalartú. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún, do na Ballstáit agus don Gníomhaireacht comhoibriú d'fhonn oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais faoin gCoinbhinsiún a chur chun feidhme go héifeachtach.

⁽¹⁾ IO C 318, 29.10.2011, lch. 163.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Bealtaine 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 26 Meitheamh 2012.

⁽³⁾ IO L 204, 31.7.2008, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 63, 6.3.2003, lch. 29.

⁽⁵⁾ IO L 63, 6.3.2003, lch. 1.

⁽⁶⁾ IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

⁽⁷⁾ IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.

- (7) Ós rud é gur cheart cúraimí áirithe de chuid an Choimisiúin a aistriú chuig an nGníomhaireacht, ba cheart don Gníomhaireacht an Bunachar Sonraí Eorpach maidir le hOnnmhairiú agus Allmhairiú Ceimiceán Contúirteacha a bhunaigh an Coimisiún i dtosach a fhorbairt agus a chothabháil tuilleadh.
- (8) Ní mór go leanfadh onnmhairiú ceimiceán guaiseach a gcuirtear toirmeasc nó srian mór orthu laistigh den Aontas de bheith faoi réir nós imeachta chomhchoitinn um fhógra onnmhairíochta. Dá réir sin, cibé an bhfuil na ceimiceáin ghuaiseacha i bhfoirm substaintí ina n-aonar nó i meascáin nó in earraí, ar chuir an tAontas toirmeasc nó srian mór orthu mar tháirgí cosanta plandaí, mar fhoirmeacha eile lotnaidicídí nó mar cheimiceáin thionsclaíocha lena n-úsáid ag úsáideoirí gairmiúla nó ag an bpobal, ba cheart iad a chur faoi réir rialacha um fhógra onnmhairíochta a bheadh comhchosúil leis na rialacha is infheidhme maidir le ceimiceáin den sórt sin nuair a chuirtear toirmeasc nó srian mór orthu laistigh de cheann amháin nó den dá cheann de na catagóirí úsáide a leagtar síos sa Choinbhinsiún, eadhon mar lotnaidicídí nó mar cheimiceáin d'úsáid thionsclaíoch. Fairis sin, ba cheart go mbeadh ceimiceáin atá faoi réir nós imeachta idirnáisiúnta um thoilíú feasach a chur in iúl roimh ré (PIC) (an "nós imeachta PIC") faoi réir na rialacha céanna maidir le fógra onnmhairíochta freisin. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an nós imeachta comhchoiteann sin um fhógra onnmhairíochta maidir le haon onnmhairithe ón Aontas chuig tríú tíortha, cibé an Páirtithe iad sa Choinbhinsiún nó an bhfuil siad rannpháirteach ina nósanna imeachta. Ba cheart go gceadófaí do na Ballstáit táillí riaracháin a ghearradh, d'fhonn a gcostais a ghlanadh agus an nós imeachta sin á chur i gcrích acu.
- (9) Ba cheart go mbeadh dualgas ar onnmhaireoirí agus ar allmhaireoirí faisnéis a thabhairt maidir le cainníochtaí na gceimiceán sa trádáil idirnáisiúnta a chumhdaítear leis an Rialachán seo ionas go bhféadfaí faireachán agus measúnú a dhéanamh ar thionchar agus ar éifeachtacht na socruithe a leagtar síos sa Rialachán seo.
- (10) Ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún fógraí faoi bhráid na Rúnaíochta i dtaobh gníomhaíochtaí rialála críochnaitheacha de chuid an Aontais nó de chuid na mBallstát lena gcuirtear toirmeasc nó srian mór ar cheimiceáin d'fhonn iad a chuimsiú sa nós imeachta idirnáisiúnta PIC i gcásanna nuair a chomhlíonann na critéir a leagtar síos sa Choinbhinsiún i ndáil leis sin. Ba cheart go lorgófaí faisnéis bhreise chun tacú le fógraí den sórt sin nuair is gá.
- (11) I gcásanna nach mbeidh gníomhaíochtaí rialála críochnaitheacha de chuid an Aontais nó de chuid na mBallstát incháilithe d'fhógra toisc nach gcomhlíonann siad na critéir a leagtar síos sa Choinbhinsiún, ba cheart faisnéis faoi na gníomhaíochtaí a thabhairt don Rúnaíocht agus do Pháirtithe eile sa Choinbhinsiún ar mhaithe le malartú faisnéise.
- (12) Is gá a áirithiú chomh maith go ndéanfaidh an tAontas cinntí i ndáil le hallmhairiú ceimiceán isteach san Aontas a bheidh faoi réir an nós imeachta idirnáisiúnta PIC. Ba cheart go mbeadh na cinntí sin bunaithe ar reachtaíocht is infheidhme an Aontais agus ba cheart go ndéanfaí aon toirmeasc nó aon srian mór a fhorchuirfidh na Ballstáit a chur san áireamh leo. I gcás ina mbeidh údar maith leis an méid sin, ba cheart go mbeartófaí leasuithe ar reachtaíocht an Aontais.
- (13) Tá gá le socruithe chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit agus na honnmhaireoirí ar an eolas maidir le cinntí na dtíortha allmhairíochta a bhaineann le ceimiceáin atá faoi réir an nós imeachta idirnáisiúnta PIC, agus go gcomhlíonfaidh na honnmhaireoirí na cinntí sin. Fairis sin, d'fhonn aon onnmhairithe gan iarraidh a chosc, níor cheart go n-onnmhaireofaí aon cheimiceán a bheidh faoi thoirmeasc nó faoi shrian mór san Aontas, agus a chomhlíonann critéir an Choinbhinsiúin nó atá faoi réir an nós imeachta idirnáisiúnta PIC, mura lorgaíodh toiliú sainráite ón tír allmhairíochta lena mbaineann agus mura bhfuarthas an toiliú sin, cibé an Páirtí sa Choinbhinsiún í an tír sin nó nach ea. Ag an am céanna, is iomchuí díolúine ón oibleagáid sin i ndáil le honnmhairithe ceimiceán áirithe chuig tíortha ar comhaltaí den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) iad, ar choinníoll go gcomhlíonfar coinníollacha áirithe. Fairis sin, tá nós imeachta de dhíth chun déileáil leis na cásanna sin nach bhfaighfear freagairt maidir leo ón tír allmhairíochta in inneoin gach iarracht réasúnta, ionas go bhféadfar dul ar aghaidh le honnmhairiú ceimiceán áirithe ar bhonn sealadach faoi choinníollacha a bheidh sonraithe. Tá sé riachtanach chomh maith go ndéanfaí foráil d'athbheithiú tréimhsiúil ar gach cás den sórt sin agus ar na cásanna sin ina bhfaighfear toiliú sainráite.
- (14) Tá sé tábhachtach chomh maith go mbeadh seilfré leordhóthanach ag na ceimiceáin uile a onnmhairítear ionas go bhféadfar iad a úsáid go héifeachtach agus go sábháilte. Maidir le lotnaidicídí, go háirithe na lotnaidicídí a onnmhairítear chuig tíortha atá i mbéal forbartha, tá sé riachtanach go gcuirfí faisnéis ar fáil maidir le coinníollacha stórála iomchuí, agus go n-úsáidfí pacáistiú oiriúnach agus coimeádáin de thoirt oiriúnach ionas go seachnófaí stoic chríonna a chruthú.
- (15) Ní thagann earraí ina bhfuil ceimiceáin faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin. Mar sin féin, maidir le hearraí, mar a shainmhínítear sa Rialachán seo iad, ina bhfuil ceimiceáin a d'fhéadfaí a scaoileadh faoi choinníollacha áirithe úsáide nó faoi choinníollacha áirithe diúscairthe agus atá faoi thoirmeasc nó faoi shrian mór san Aontas faoi chatagóir úsáide amháin a leagtar síos sa Choinbhinsiún nó faoi bhreis agus catagóir amháin, nó atá faoi réir an nós imeachta idirnáisiúnta PIC, is iomchuí go mbeidís freisin faoi réir na rialacha maidir le fógra onnmhairíochta a thabhairt. Fairis sin, níor cheart ceimiceáin áirithe ná earraí áirithe a bhfuil ceimiceáin shonracha iontu nach dtagann faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin ach atá ina n-údar imní faoi leith a onnmhairiú ar chor ar bith.
- (16) I gcomhréir leis an gChoinbhinsiún, ba cheart faisnéis maidir le gluaiseachtaí idirthurais ceimiceán atá faoi réir an nós imeachta idirnáisiúnta PIC a sholáthar do na Páirtithe sa Choinbhinsiún a iarrfaidh an fhaisnéis sin.
- (17) Ba cheart go mbeadh feidhm ag rialacha an Aontais maidir le pacáistiú agus lipéadú agus maidir le faisnéis eile sábháilteachta a bhaineann leis na ceimiceáin uile nuair a bheartaítear iad a onnmhairiú chuig Páirtithe agus chuig tíortha eile ach amháin i gcás ina mbeadh na forálacha sin ar neamhréir le ceanglais shonracha na dtíortha sin, agus na caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta á gcur san áireamh. Ós rud é gur bunaíodh forálacha nua maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, ba cheart tagairt don Rialachán sin a chuimsiú sa Rialachán seo.

- (18) D'fhonn rialú agus forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú, ba cheart go n-ainmníodh na Ballstáit údarais ar nós údarás custaim ar cheart an fhreagracht a bheith orthu rialú a dhéanamh ar onnmhairithe agus ar allmhairithe ceimiceán a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Tá ról lárnach ag an gCoimisiún, le tacú na Gníomhaireachta, agus ag na Ballstáit agus ba cheart go ngníomhóidís ar bhealach dírithe agus comhordaithe. Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh do phionóis iomchuí i gcás sáruithe.
- (19) Chun rialú custaim a éascú agus an t-ualach riaracháin d'onnmháireoirí agus d'údarais araon a laghdú, ba cheart córas cód a bhunú a bheidh le húsáid i ndearbhuithe onnmhairíochta. Ba cheart cóid speisialta a úsáid freisin, de réir mar is iomchuí, i gcás ceimiceán arna n-onnmhairiú chun críche taighde nó anailíse i gcainníochtaí nach dealraitheach go ndéanfaidís difear do shláinte an duine ná don chomhshaol agus ar aon chuma nach bhfuil níos mó ná 10 kg nó níos lú ná sin ó gach onnmháireoir chuig gach tír allmhairithe in aghaidh na bliana féilire.
- (20) Ba cheart malartú faisnéise, comhroinnt freagrachta agus iarrachtaí comhoibritheacha idir an tAontas agus na Ballstáit agus tríú tíortha a chur chun cinn d'fhonn bainistíocht shlán ceimiceán a áirithiú, cibé an bhfuil na tríú tíortha sin ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún nó nach bhfuil. Ba cheart, go háirithe, don Choimisiún agus do na Ballstáit cúnamh teicniúil a sholáthar go díreach do thíortha atá i mbéal forbartha agus do thíortha ag a bhfuil geilleagair idirlinne, nó ba cheart dóibh cúnamh a sholáthar go hindíreach trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh de chuid eagraíochtaí neamhrialtasacha, go háirithe cúnamh arb é is aidhm dó a chur ar chumas na dtíortha sin an Coinbhinsiún a chur chun feidhme agus, sa tslí sin, cabhrú le héifeachtaí díobhálacha ceimiceán ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a chosc.
- (21) Ba cheart go ndéanfaí faireachán tráthrialta ar oibríocht na nósanna imeachta má tá siad chun bheith éifeachtach. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Gníomhaireacht tuarascálacha i bhfoirm chaighdeánaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin go tráthrialta, agus ba cheart don Choimisiún tuarascálacha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle go tráthrialta.
- (22) Ba cheart don Gníomhaireacht nótaí teicniúla treorach a tharraingt suas chun cuidiú leis na húdarais ainmnithe, lena n-áirítear údarais ar nós údarás custaim a rialaíonn onnmhairí, onnmháireoirí agus allmháireoirí, an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.
- (23) D'fhonn an Rialachán seo a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE") a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith ceimiceán a chuimsiú i gCuid 1 nó i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I agus leasuithe eile ar an Iarscríbhinn sin, ceimiceán a liostú i gCuid 1 nó i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V, agus leasuithe eile ar an Iarscríbhinn sin, agus leasuithe eile ar Iarscríbhinní II, III, IV agus VI. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (24) D'fhonn a áirithiú go mbeidh coinníollacha comhionanna ann chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún ⁽¹⁾.
- (25) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach, eadhon cur chun feidhme comhleanúnach agus éifeachtach oibleagáidí an Aontais faoin gCoinbhinsiún a áirithiú, agus gur fearr dá bhrí sin, de bharr é a bheith riachtanach rialacha maidir le hallmhairithe agus onnmhairithe ceimiceán guaiseach a chomhchuiibriú, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (26) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 a aisghairm.
- (27) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a iarchur ionas go mbeidh dóthain ama ag an nGníomhaireacht ullmhú dá ról nua agus ag lucht an tionscail teacht i dtaithe ar na nósanna imeachta nua,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuspóirí

1. Is iad seo a leanas cuspóirí an Rialacháin seo:

- Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dTaobh Toiliú Feasach a chur in iúl Roimh Ré le haghaidh Ceimiceán Guaiseach agus Lotnaidicídí áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta (an "Coinbhinsiún") a chur chun feidhme;
- comhfhreagracht agus iarrachtaí comhoibritheacha a chur chun cinn maidir le gluaiseacht ceimiceán guaiseach d'fhonn sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar aon díobháil a d'fhéadfadh tarlú;
- rannchuidiú le slánúsáid ceimiceán guaiseach ó thaobh an chomhshaoil de.

⁽¹⁾ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

Bainfear amach na cuspóirí a leagtar amach sa chéad fhomhír trí mhalartú faisnéise maidir le saintréithe ceimiceán guaiseach a éascú, trí fhoráil do phróiseas cinnteoireachta laistigh den Aontas maidir lena n-allmhairiú agus lena n-onnmhairsiú agus trí chinntí a scaipeadh ar Pháirtithe agus ar thíortha eile de réir mar is iomchuí.

2. I dteannta na gcuspoirí atá leagtha amach i mír 1, áiríteofar leis an Rialachán seo go mbeidh feidhm ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú i gcás na gceimiceán sin go léir nuair a onnmhaireofar ó na Ballstáit chuig Páirtithe eile nó chuig tíortha eile iad, mura mbeadh na forálacha sin ar neamhréir le haon cheanglas sonrath de chuid na bPáirtithe sin nó de chuid na dtíortha eile.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) ceimiceáin ghuaiseacha áirithe atá faoi réir an nós imeachta um thoilú feasach a chur in iúl roimh ré faoin gCoinbhinsiún, ("nós imeachta PIC");
- (b) ceimiceáin ghuaiseacha áirithe a gcuirtear toirmeasc nó srian mór orthu laistigh den Aontas nó laistigh de Bhallstát;
- (c) ceimiceáin atá á n-onnmhairsiú, a mhéid a bhaineann lena n-aicmiú, lena bpacáistiú agus lena lipéadú.

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haon cheann de na nithe seo a leanas:

- (a) drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha chun faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an Comhphobal agus tríú tíortha ⁽¹⁾;
- (b) ábhair radaighníomhacha agus substaintí radaighníomhacha a chumhdaítear le Treoir 96/29/Euratom ón gComhairle an 13 Bealtaine 1996 lena leagtar síos caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta chun sláinte oibrithe agus an phobail i gcoitinne a chosaint ar na contúirtí a éiríonn as radaíocht ianúcháin ⁽²⁾;
- (c) fuíll a chumhdaítear le Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl ⁽³⁾;

(d) airm cheimiceacha a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairsiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide, agus ar iad a bheith ar idirthuras ⁽⁴⁾;

(e) bia agus breiseáin bia a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le rialuithe oifigiúla a fheidhmítear chun a áirithiú go ndéantar comhlíonadh dlí beatha agus bia, rialacha sláinte ainmhithe agus rialacha leasa ainmhithe a fhíorú ⁽⁵⁾;

(f) bianna ainmhithe a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta an dlí bia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair sábháilteachta bia ⁽⁶⁾, lena n-áirítear breiseáin, cibé an bhfuil siad próiseáilte, páirtphróiseáilte nó neamhphróiseáilte, arna gceapadh mar chothú de bhéal le haghaidh ainmhithe;

(g) orgánaigh ghéinmhodhnaithe a chumhdaítear le Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh amach d'aonghnó sa chomhshaol ⁽⁷⁾;

(h) ach amháin a mhéid a chumhdaítear le hAirteagal 3(5)(b) den Rialachán seo, táirgí íocshláinte dílseánaigh agus táirgí míochaine tréidliachta a chumhdaítear le Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine ⁽⁸⁾ agus le Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta ⁽⁹⁾ faoi seach.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le ceimiceáin arna n-onnmhairsiú chun críche taighde nó anailíse i gcainníochtaí nach dóigh dóibh difear a dhéanamh do shláinte an duine ná don chomhshaol, agus ar aon chuma iad siúd nach bhfuil níos mó ná 10 kg ó gach onnmhaireoir chuig gach tír allmhairíochta in aghaidh na bliana féilire.

D'aineoinn na chéad fhomhíre, gheobhaidh onnmhaireoirí ceimiceán dá dtagraítear ann, áfach, uimhir thagartha shainitheantais speisialta ón mBunachar Sonraí dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(a) agus soláthróidh siad an uimhir thagartha shainitheantais sin ina ndearbhú onnmhairíochta.

⁽¹⁾ IO L 22, 26.1.2005, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 159, 29.6.1996, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 312, 22.11.2008, lch. 3.

⁽⁴⁾ IO L 134, 29.5.2009, lch. 1.

⁽⁵⁾ IO L 165, 30.4.2004, lch. 1.

⁽⁶⁾ IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

⁽⁷⁾ IO L 106, 17.4.2001, lch. 1.

⁽⁸⁾ IO L 311, 28.11.2001, lch. 67.

⁽⁹⁾ IO L 311, 28.11.2001, lch. 1.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “ceimiceán” substaint, cibé acu is ina haonar atá sí nó i meascán, nó is meascán í, cibé acu a monaraíodh í nó is ón nádúr a fuarthas í, ach ní chuimsítear leis sin orgánaigh bheo, a bhaineann le ceann de na catagóirí seo a leanas:
 - (a) lotnaidicídí, lena n-áirítear foirmilí lotnaidicídí atá thar a bheith guaiseach;
 - (b) ceimiceáin thionsclaíocha;
- (2) ciallaíonn “substaint” aon dúil cheimiceach agus a comhdhúile mar a shainmhínítear iad i bpointe 1 d’Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;
- (3) ciallaíonn “meascán” meascán nó tuaslagán mar a shainmhínítear iad i bpointe 8 d’Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;
- (4) ciallaíonn “earra” táirge críochnaithe ina bhfuil ceimiceán nó a bhfuil ceimiceán ann ar cuireadh toirmeasc nó srian mór ar a úsáid le reachtaíocht an Aontais i gcás an táirge áirithe sin mura dtagann an táirge faoi phointe 2 nó faoi phointe 3;
- (5) ciallaíonn “lotnaicídí” ceimiceáin i gceann de na focathagóirí seo a leanas:
 - (a) lotnaidicídí a úsáidtear mar tháirgí cosanta plandaí, a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh ⁽¹⁾;
 - (b) lotnaidicídí eile, amhail:
 - (i) táirgí bithicéideacha faoi Threoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicéideacha a chur ar an margadh ⁽²⁾; agus
 - (ii) difhabhtáin, feithidicídí agus seadáinidicídí a chumhdaítear le Treoir 2001/82/CE agus le Treoir 2001/83/CE;
- (6) ciallaíonn “ceimiceáin thionsclaíocha” ceimiceáin i gceann de na focathagóirí seo a leanas:
 - (a) ceimiceáin lena n-úsáid ag gairmithe;
 - (b) ceimiceáin lena n-úsáid ag an bpobal;
- (7) ciallaíonn “ceimiceán atá faoi réir fógra onnmhairíochta” aon cheimiceán a gcuirtear toirmeasc nó srian mór air laistigh den Aontas laistigh de chatagóir amháin nó níos mó ná sin, nó laistigh d’fhochatagóir amháin nó níos mó ná sin, agus aon cheimiceán a liostaítear i gCuid 1 d’Iarscríbhinn I agus atá faoi réir nós imeachta PIC;
- (8) ciallaíonn “ceimiceán atá incháilithe le haghaidh fógra PIC a thabhairt” aon cheimiceán a gcuirtear toirmeasc nó srian mór air laistigh den Aontas nó laistigh de Bhallstát i gcatagóir amháin nó níos mó ná catagóir amháin. Liostaítear na ceimiceáin a gcuirtear toirmeasc nó srian mór orthu san Aontas i gcatagóir amháin nó níos mó ná catagóir amháin i gCuid 2 d’Iarscríbhinn I;
- (9) ciallaíonn “ceimiceán atá faoi réir nós imeachta PIC” aon cheimiceán a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus i gCuid 3 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;
- (10) ciallaíonn “ceimiceán a gcuirtear toirmeasc air” ceann de na nithe seo a leanas:
 - (a) ceimiceán a ndearnadh gach úsáid de i gcatagóir amháin nó níos mó ná catagóir amháin, nó i bhfochatagóir amháin nó níos mó ná sin, a thoirmeasc le gníomh rialála críochnaitheach ón Aontas d’fhonn sláinte an duine a chosaint nó an comhshaol a chaomhnú;
 - (b) ceimiceán a diúltaíodh a fhormheas le haghaidh úsáide den chéad uair nó ceimiceán a tharraing an tionscal siar ó mhargadh an Aontais nó óna bhreithniú tuilleadh i bpróiseas fógartha, clárúcháin nó formheasa agus i gcás ina bhfuil fianaise ann gur ábhar imní é an ceimiceán maidir le sláinte an duine nó maidir leis an gcomhshaol;
- (11) ciallaíonn “ceimiceán a gcuirtear srian mór air” ceann de na nithe seo a leanas:
 - (a) ceimiceán a ndearnadh toirmeasc a chur ar beagnach gach úsáid de i gcatagóir amháin nó níos mó ná catagóir amháin, nó i bhfochatagóir amháin nó níos mó ná sin, le gníomh rialála críochnaitheach ón Aontas d’fhonn sláinte an duine a chosaint nó an comhshaol a chaomhnú, ach a gceadaítear úsáidí sonracha áirithe de i gcónaí;
 - (b) ceimiceán a diúltaíodh a fhormheas le haghaidh beagnach gach úsáid, nó ceimiceán a tharraing an tionscal siar ó mhargadh an Aontais nó óna bhreithniú tuilleadh i bpróiseas fógartha, clárúcháin nó formheasa agus i gcás ina bhfuil fianaise ann gur ábhar imní é an ceimiceán maidir le sláinte an duine nó maidir leis an gcomhshaol;

⁽¹⁾ IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 123, 24.4.1998, lch. 1.

- (12) ciallaíonn “ceimiceán a gcuireann Ballstát toirmeasc nó srian mór air” aon cheimiceán a gcuirtear toirmeasc nó srian mór air le gníomh rialála críochnaitheach náisiúnta de chuid Ballstáit;
- (13) ciallaíonn “gníomh rialála críochnaitheach” gníomh atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus arb é a chuspóir toirmeasc nó srian mór a chur ar cheimiceán;
- (14) ciallaíonn “foirmle lotnaidicéide atá thar a bheith guaiseach” ceimiceán a ceapadh le húsáid mar lotnaidicíd a mbíonn dianéifeachtaí aige ar an tsláinte nó ar an gcomhshaol a bhíonn inbhraite faoi cheann tréimhse giorra ama tar éis teagmhála amháin nó níos mó ná teagmháil amháin, faoi na coinníollacha úsáide;
- (15) ciallaíonn “críoch chustaim an Aontais” an chríoch arna cinneadh in Airteagal 3 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 lena mbunaítear Cód Custaim an Chomhphobal ⁽¹⁾;
- (16) ciallaíonn “onnmhairiú” na nithe seo a leanas:
- (a) onnmhairiú buan nó sealadach aon cheimiceáin a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 28(2) CFAE;
- (b) athonnmhairiú ceimiceáin nach gcomhlíonann coinníollacha Airteagal 28(2) CFAE agus a chuirtear faoi nós imeachta custaim seachas nós imeachta idirthurais eachtrach an Aontais maidir le gluaiseacht earraí trí chríoch custaim an Aontais;
- (17) ciallaíonn “allmhairiú” ceimiceáin a thabhairt isteach go fisiciúil chuig críoch custaim an Aontais a chuirtear faoi nós imeachta custaim seachas nós imeachta idirthurais eachtrach an Aontais maidir le gluaiseacht earraí trí chríoch chustaim an Aontais;
- (18) ciallaíonn “onnmhaireoir” duine de na daoine seo a leanas, is cuma an duine nádúrtha nó duine dlítheanach atá i gceist:
- (a) an duine a ndéantar dearbhú onnmhairíochta ar a shon, is é sin le rá an duine a bhfuil an conradh aige, an tráth a nglactar leis an dearbhú, leis an gcoinsíní i bPáirtí nó i dtír eile agus a bhfuil de chumhacht aige a chinneadh go seolfar an ceimiceán amach as críoch chustaim an Aontais;
- (b) i gcás nach dtabharfar aon chonradh onnmhairíochta i gcrích nó i gcás nach ngníomhóidh sealbhóir an chonartha ar a shon féin, an duine a bhfuil de chumhacht aige a chinneadh go seolfar an ceimiceán amach as críoch chustaim an Aontais;
- (c) i gcás gur ag duine atá bunaithe lasmuigh den Aontas atá tairbhe an chirt maidir leis an gceimiceán a dhiúscairt de bhun an chonartha a mbunaítear an t-onnmhairiú air, an páirtí conarthach atá bunaithe san Aontas;
- (19) ciallaíonn “allmhhaireoir” aon duine nádúrtha nó dlítheanach is coinsíní don cheimiceán tráth an allmhairithe isteach i gcríoch chustaim an Aontais;
- (20) ciallaíonn “Páirtí sa Choinbhinsiún” nó “Páirtí” Stát nó eagraíocht réigiúnach chomhtháite eacnamaíochta a thoiligh a bheith faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún agus a bhfuil an Coinbhinsiún i bhfeidhm maidir leis;
- (21) ciallaíonn “tír eile” aon tír nach Páirtí í;
- (22) ciallaíonn “Gníomhaireacht” an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;
- (23) ciallaíonn “Rúnaíocht” Rúnaíocht an Choinbhinsiúin, mura sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo.

Airteagal 4

Údaráis náisiúnta ainmnithe na mBallstát

Ainmneoidh gach Ballstát an t-údarás nó na húdaráis, (an “t-údarás náisiúnta ainmnithe” nó na “húdaráis náisiúnta ainmnithe”), chun gníomhú d’fhonn na feidhmeanna riaracháin a éilíonn an Rialachán seo a chur i gcrích, mura mbeidh sé déanta cheana aige roimh theacht i bhfeidhm don Rialachán seo.

Cuirfidh sé an t-ainmniúchán sin in iúl don Choimisiún faoin 17 Samhain 2012, mura rud é go mbeidh an fhaisnéis sin curtha ar fáil cheana féin roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus cuirfidh sé aon athrú den údarás náisiúnta ainmnithe in iúl don Choimisiún chomh maith.

Airteagal 5

Rannpháirtíocht an Aontais sa Choinbhinsiún

1. Beidh rannpháirtíocht sa Choinbhinsiún ina freagracht chomhpháirteach ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go háirithe maidir le cúnamh teicniúil, maidir le malartú faisnéise, agus maidir le hábhair a bhaineann le díospóidí a réiteach, maidir le rannpháirtíocht i bhfochomhlachtaí agus maidir le vótáil.

2. Gníomhóidh an Coimisiún mar údarás ainmnithe comhchoiteann le haghaidh feidhmeanna riaracháin an Choinbhinsiúin agus tagairt á déanamh do nós imeachta PIC ar son údarás náisiúnta ainmnithe uile na mBallstát agus i ndlúthchomhar agus i gcomhairle leo.

⁽¹⁾ IO L 302, 19.10.1992, lch. 1.

Beidh an Coimisiún freagrach go háirithe as an méid seo a leanas:

- (a) fógraí onnmhairíochta an Aontais a tharchur de bhun Airteagal 8 chuig Páirtithe agus chuig tíortha eile;
- (b) fógraí faoi ghníomhartha rialála críochnaitheacha ábhartha a bhaineann le ceimiceáin atá incháilithe d'fhógra PIC a thíolacadh de bhun Airteagal 11 chuig an Rúnaíocht;
- (c) faisnéis faoi ghníomhartha rialála críochnaitheacha eile a bhaineann le ceimiceáin nach bhfuil incháilithe d'fhógra PIC a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 12;
- (d) ar dhóigh níos ginearálta, faisnéis a fháil ón Rúnaíocht.

Cuirfidh an Coimisiún ar fáil don Rúnaíocht chomh maith freagairtí allmhairíochta de chuid an Aontais do cheimiceáin faoi réir nós imeachta PIC de bhun Airteagal 13.

Ina theannta sin, comhordóidh an Coimisiún ionchur an Aontais maidir le gach ábhar teicniúil a bhaineann le haon cheann de na nithe seo a leanas:

- (a) an Coinbhinsiún;
- (b) ullmhú Chomhdháil na bPáirtithe a bhunaítear le hAirteagal 18(1) den Choinbhinsiún;
- (c) an Coiste Athbhreithnithe Ceimiceán a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 18(6) den Choinbhinsiún (an “Coiste Athbhreithnithe Ceimiceán”);
- (d) fochomhlachtaí eile de chuid Chomhdhála na bPáirtithe.

3. Glacfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na tionscnaimh is gá d'fhonn ionadaíocht iomchuí an Aontais a áirithiú sna comhlachtaí éagsúla atá i mbun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme.

Airteagal 6

Cúraimí na Gníomhaireachta

1. Déanfaidh an Gníomhaireacht, de bhreis ar na cúraimí atá sannta di faoi Airteagail 7, 8, 9, 10, 11, 13, 14, 15, 18, 19, 20, 21, 22 agus 25, na cúraimí seo a leanas a chur i gcrích:
 - (a) bunachar sonraí maidir le honnmhairiú agus allmhairiú ceimiceán guaiseach (an “Bunachar Sonraí”) a chothabháil, a thabhairt chun dáta go tráthrialta agus tuilleadh forbartha a dhéanamh air;
 - (b) an Bunachar Sonraí a chur ar fáil go poiblí ar a suíomh gréasáin;
 - (c) i gcás inarb iomchuí, cúnamh, treoir theicniúil agus eolaíoch agus uirlisí a sholáthar don tionscal, le comhaontú ón gCoimisiún agus tar éis comhairliúchán leis na Ballstáit, chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú;

- (d) cúnamh agus treoir theicniúil agus eolaíoch a sholáthar, le comhaontú ón gCoimisiún, d'údarais náisiúnta ainmnithe na mBallstát, le comhaontú ón gCoimisiún, chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú;
- (e) arna iarraidh sin ag saineolaithe an Bhallstáit nó an Choiste Athbhreithnithe Ceimiceán, agus de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil, ionchur a sholáthar i ndruchtú treoir-dhoiciméad do chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 7 den Choinbhinsiún agus doiciméid theicniúla eile a ullmhú a bhaineann le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin;
- (f) arna iarraidh sin, ionchur teicniúil agus eolaíoch a thabhairt don Choimisiún agus cúnamh a thabhairt dó chun cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú;
- (g) arna iarraidh sin, ionchur teicniúil agus eolaíoch a thabhairt don Choimisiún agus cúnamh a thabhairt dó a ról mar údarás ainmnithe comhchoiteann an Aontais a fheidhmiú.

2. Is í Rúnaíocht na Gníomhaireachta a chuirfidh na cúraimí atá sannta don Gníomhaireacht faoin Rialachán seo i gcrích.

Airteagal 7

Ceimiceáin atá faoi réir fógra onnmhairíochta, ceimiceáin atá incháilithe d'fhógra PIC agus ceimiceáin atá faoi réir nós imeachta PIC

1. Liostófar in Iarscríbhinn I na ceimiceáin atá faoi réir fógra onnmhairíochta, na ceimiceáin atá incháilithe d'fhógra PIC agus na ceimiceáin atá faoi réir nós imeachta PIC.
2. Féadfar ceimiceáin arna liostú in Iarscríbhinn I a shannadh do cheann amháin nó níos mó ná ceann amháin de thrí ghrúpa ceimiceán, a leagtar amach mar Chuid 1, mar Chuid 2, agus mar Chuid 3 den Iarscríbhinn sin.

Beidh na ceimiceáin arna liostú i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I faoi réir an nós imeachta um fhógra onnmhairíochta a leagtar síos in Airteagal 8, ina dtabharfar mionsonraí faoi chéannacht na substainte, faoin gcatagóir úsáide agus/nó faoin bhfochatagóir úsáide atá faoi réir srianta, an cineál srianta agus, i gcás inarb iomchuí, faisnéis bhreise, go háirithe faoi eisceachtaí ó cheanglais le haghaidh fógra onnmhairíochta.

Chomh maith le bheith faoi réir an nós imeachta um fhógra onnmhairíochta a leagtar síos in Airteagal 8, beidh na ceimiceáin arna liostú i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I incháilithe don nós imeachta um fhógra PIC a leagtar amach in Airteagal 11, ina dtabharfar mionsonraí faoi chéannacht na substainte agus faoin gcatagóir úsáide.

Beidh na ceimiceáin arna liostú i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I faoi réir nós imeachta PIC ina dtabharfar an chatagóir úsáide agus, i gcás inarb iomchuí, faisnéis bhreise, go háirithe maidir le haon cheanglais le haghaidh fógra onnmhairíochta.

3. Cuirfear na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I ar fáil go poiblí trí bhithin an Bhunachair Shonraí.

Airteagal 8

Fógraí onnmhairíochta a chuirtear ar aghaidh chuig Páirtithe agus chuig tíortha eile

1. I gcás substaintí a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I nó i gcás meascán ina bhfuil substaintí den sórt sin i dtiúchan a spreagann oibleagáidí lipéadaithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, is cuma má tá substaintí eile ann, beidh feidhm ag mír 2 go mír 8 den Airteagal seo, gan aird ar an úsáid atá beartaithe don cheimiceán sa Pháirtí allmhairíochta nó sa tír eile allmhairíochta.

2. I gcás ina mbeidh onnmhaireoir ar tí ceimiceán dá dtagraítear i mír 1 a onnmhairiú ón Aontas chuig Páirtí nó chuig tír eile den chéad uair ar an dáta a mbeidh sé faoi réir an Rialacháin seo nó ina dhiaidh sin, tabharfaidh an t-onnmhaireoir fógra d'údarás náisiúnta ainmnithe an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe ("Ballstát an onnmhaireora") tráth nach déanaí ná 35 lá roimh an dáta onnmhairithe ionchasach. Ina dhiaidh sin cuirfidh an t-onnmhaireoir an chéad onnmhairiú den cheimiceán i ngach bliain féilire in iúl don údarás náisiúnta ainmnithe sin tráth nach déanaí ná 35 lá sula dtarlóidh an t-onnmhairiú. Comhlíonfaidh na fógraí na ceanglais maidir le faisnéis a leagtar síos in Iarscríbhinn II agus cuirfead iad ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit trí bhíthin an Bhunachair Shonraí.

Déanfaidh údarás náisiúnta ainmnithe Bhallstát an onnmhaireora a sheiceáil an gcomhlíonann an fhaisnéis Iarscríbhinn II agus má tá an fógra iomlán, déanfaidh sé é a chur ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht tráth nach déanaí ná 25 lá roimh an dáta onnmhairithe ionchasach.

Déanfaidh an Gníomhaireacht, thar ceann an Choimisiúin, an fógra a chur chuig údarás náisiúnta ainmnithe an Pháirtí allmhairíochta nó údarás iomchuí na tíre eile allmhairíochta agus déanfaidh sí na bearta riachtanacha a ghlacadh d'fhonn a áirithiú go bhfaighidh siad an fógra sin tráth nach déanaí ná 15 lá roimh an gcéad onnmhairiú a bheartaítear don cheimiceán agus ina dhiaidh sin tráth nach déanaí ná 15 lá roimh an gcéad onnmhairiú in aon bhliain féilire dá éis sin.

Cláróidh an Gníomhaireacht gach fógra onnmhairíochta agus sannfaidh sí uimhir thagartha shainaitheantais dó sa Bhunachair Sonraí, déanfaidh an Gníomhaireacht liosta a bheidh cothrom le dáta de na ceimiceáin lena mbaineann agus de na Páirtithe allmhairíochta agus de na tíortha eile do gach bliain féilire a chur ar fáil freisin don phobal agus d'údarás náisiúnta ainmnithe na mBallstát, de réir mar is iomchuí, trí bhíthin an Bhunachair Shonraí.

3. Mura bhfaighidh an Gníomhaireacht ón bPáirtí allmhairíochta nó ón tír eile admháil go bhfuarthas fógra an chéad onnmhairithe a rinneadh tar éis an ceimiceán a chuimsiú i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I faoi cheann 30 lá ó seoladh an fógra sin, tiolacfaidh sé an dara fógra thar ceann an Choimisiúin. Déanfaidh an Gníomhaireacht, thar ceann an Choimisiúin, iarrachtaí réasúnta chun a áirithiú go bhfaighidh údarás náisiúnta ainmnithe an Pháirtí allmhairíochta nó go bhfaighidh údarás iomchuí na tíre eile allmhairíochta an dara fógra.

4. Tabharfar fógra onnmhairíochta nua i gcomhréir le mír 2 d'onnmhairithe a chuirfead i gcrích tar éis theacht i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais a bhaineann le margaíocht, le húsáid nó le lipéadú na substaintí a bheidh i dtrácht nó aon uair a athróidh comhdhéanamh an mheascáin a bheidh i dtrácht ionas go n-athrófar lipéadú meascáin den sórt sin. Comhlíonfaidh an fógra nua na ceanglais maidir le faisnéis a leagtar síos in Iarscríbhinn II agus sonrófar ann gur leagan coigeartaithe é den fhógra roimhe sin.

5. I gcás ina mbainfidh onnmhairiú ceimiceáin le staid éigeandála ina bhféadfadh aon mhoill sláinte an phobail nó an comhshaol a chur i mbaol sa Pháirtí allmhairíochta nó sa tír eile, féadfar díolúine ó na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 2, i mír 3 agus i mír 4 a dheonú go hiomlán nó go páirteach ar iarraidh réasúnaithe ón onnmhaireoir nó ón bPáirtí allmhairíochta nó ó thír eile agus de rogha údarás náisiúnta ainmnithe Bhallstát an onnmhaireora, i gcomhairle leis an gCoimisiún agus an Gníomhaireacht de chúnamh aige. Mura bhfaightear aon fhreagairt easaontach ón gCoimisiún faoi cheann 10 lá ón lá a ndéanfaidh údarás náisiúnta ainmnithe an Bhallstáit an iarraidh, measfar go ndearnadh cinneadh maidir leis an iarraidh i gcomhar leis an gCoimisiún.

6. Gan dochar do na hoibleagáidí atá leagtha amach in Airteagal 19(2), scoirfidh na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 2, i mír 3 agus i mír 4 den Airteagal seo nuair a chomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) nuair a thiocfaidh an ceimiceán faoi réir nós imeachta PIC;
- (b) nuair a chuirfidh an tír allmhairíochta is Páirtí sa Choinbhinsiún freagairt ar fáil don Rúnaíocht i gcomhréir le hAirteagal 10(2) den Choinbhinsiún lena gcuirtear in iúl cibé an dtoileoidh sé le hallmhairiú an cheimiceáin nó nach dtoileoidh sé leis; agus
- (c) nuair a chuirfidh an Rúnaíocht an Coimisiún ar an eolas faoin bhfreagairt agus nuair a chuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig na Ballstáit agus chuig an nGníomhaireacht.

D'ainneoin an chéad fhomhír den mhír seo, ní scoirfidh na hoibleagáidí atá leagtha amach i mír 2, i mír 3 agus i mír 4 den Airteagal seo, i gcás inar Páirtí sa Choinbhinsiún tír allmhairíochta agus i gcás ina ndéanfaidh sí éileamh sainráite go dtabharfaidh na Páirtithe onnmhairíochta fógra onnmhairíochta go leanúnach, mar shampla, trína chinneadh allmhairíochta nó ar dhóigh eile.

Gan dochar do na hoibleagáidí atá leagtha amach in Airteagal 19(2), scoirfidh na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 2, i mír 3 agus i mír 4 den Airteagal seo freisin nuair a chomhlíonfar an dá cheann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) tarscaoilfidh údarás náisiúnta ainmnithe an Pháirtí allmhairíochta nó údarás iomchuí na tíre eile allmhairíochta an ceanglas go dtabharfar fógra dó sula n-onnmhaireofar an ceimiceán; agus

(b) beidh faisnéis ón Rúnaíocht nó ó údarás náisiúnta ainmnithe an Pháirtí allmhairíochta nó ó údarás iomchuí na tíre eile allmhairíochta faighte ag an gCoimisiún agus déanfaidh sé í a chur ar aghaidh chuig na Ballstáit agus chuig an nGníomhaireacht, a chuir ar fáil í trí bhíthin an Bhunachair Shonraí.

7. Déanfaidh an Coimisiún, ar iarraidh a fháil, údarais náisiúnta ainmnithe ábhartha na mBallstát, an Gníomhaireacht agus na honnmhaireoirí faisnéis bhreise a bheidh ar fáil faoi na ceimiceáin a onnmhaireofar a chur ar fáil do na Páirtithe allmhairíochta agus do thíortha eile.

8. Féadfaidh Ballstáit córais a bhunú, ar mhodh trédhearcach, ina gcuirfear d'obleagáid ar onnmhaireoirí táille riaracháin a íoc as gach fógra onnmhairíochta a dhéanfar agus as gach iarraidh a dhéanfar ar thoiliú sainráite ina bhfreagróidh an táille sin do na costais a thabhoídh siad agus na nósanna imeachta a leagtar amach i mír 2 agus i mír 4 den Airteagal seo agus in Airteagal 14(6) agus (7) á gcur i gcrích acu.

Airteagal 9

Fógraí onnmhairíochta a fhaightear ó Pháirtithe agus ó thíortha eile

1. Maidir le fógraí onnmhairíochta a fhaigheann an Gníomhaireacht ó údarais náisiúnta ainmnithe aon Pháirtí nó ó údarás iomchuí tíortha eile a bhaineann le ceimiceán a onnmhairiú isteach san Aontas a bhfuil a mhonarú, a úsáid, a láimhseáil, a thomhailt, a iompar nó a dhíol faoi réir toirmisc nó sriain mhóir faoi reachtaíocht an Pháirtí sin nó faoi reachtaíocht na tíre eile sin, cuirfear na fógraí sin ar fáil trí bhíthin an Bhunachair Shonraí faoi cheann 15 lá tar éis don Gníomhaireacht fógra den sórt sin a fháil.

Admhóidh an Gníomhaireacht, thar ceann an Choimisiúin, go bhfuarthas fógra an chéad onnmhairithe maidir le gach ceimiceán ó gach Páirtí nó ó gach tír eile.

Gheobhaidh údarás náisiúnta ainmnithe an Bhallstáit a fhaigheann an allmhairiú sin cóip d'aon fhógra a gheobhaidh an Gníomhaireacht, faoi cheann 10 lá, tar éis di an fógra a fháil mar aon leis an fhaisnéis uile a bheidh ar fáil. Beidh Ballstáit eile i dteideal cóipeanna a fháil arna n-iarraidh sin dóibh.

2. I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún nó údarais náisiúnta ainmnithe na mBallstát aon fhógraí onnmhairíochta go díreach nó go hindíreach ó údarais náisiúnta ainmnithe na bPáirtithe nó ó údarais iomchuí tíortha eile, cuirfidh siad na fógraí sin ar aghaidh láithreach chuig an nGníomhaireacht mar aon leis an bhfaisnéis uile a bheidh ar fáil.

Airteagal 10

Faisnéis faoi onnmhairiú agus allmhairiú ceimiceán

1. Gach onnmhaireoir de cheann amháin nó níos mó ná ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I;

(b) meascáin ina bhfuil substaintí den sórt sin i dtiúchan a spreagann oibleagáidí lipéadaithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 is cuma an bhfuil aon substaintí eile ann; nó

(c) earraí ina bhfuil substaintí a liostaítear i gCuid 2 nó i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I i bhfoirm neamh-imoibrithe nó meascáin ina bhfuil substaintí den sórt sin i dtiúchan a spreagann oibleagáidí lipéadaithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 is cuma an bhfuil aon substaintí eile ann,

deanfaidh siad, i rith na chéad ráithe de gach bliain, údarais náisiúnta ainmnithe Bhallstát an onnmhaireora a chur ar an eolas maidir le cainníocht an cheimiceáin, mar shubstaint agus mar atá sé i meascáin nó in earraí, a seoladh chuig gach Páirtí nó chuig gach tír eile i rith na bliana roimhe sin. Tabharfar an fhaisnéis sin mar aon le liosta d'ainmneacha agus de sheoltaí gach duine nádúrtha nó dlítheanach a allmhairíonn an ceimiceán isteach i bPáirtí nó i dtír eile a ndearnadh seoladh chucu i rith na tréimhse céanna. Déanfar onnmhairí de bhun Airteagal 14(7) a liostú san fhaisnéis sin ar dhóigh leithleach.

Cuirfidh gach allmhhaireoir laistigh den Aontas an fhaisnéis choibhéiseach ar fáil maidir leis na cainníochtaí a allmhairíodh isteach san Aontas.

2. Arna iarraidh sin don Choimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht, nó d'údarais náisiúnta ainmnithe a Bhallstáit, cuirfidh an t-onnmhaireoir nó an t-allmhhaireoir aon fhaisnéis bhreise ar fáil a bhaineann le ceimiceán a bheidh riachtanach chun an Rialachán seo a chur chun feidhme.

3. Cuirfidh gach Ballstát faisnéis chomhiomlán ar fáil don Gníomhaireacht gach bliain i gcomhréir le hIarscríbhinn III. Déanfaidh an Gníomhaireacht achoimre den fhaisnéis sin ar leibhéal an Aontais agus cuirfidh sé an fhaisnéis nach mbeidh faoi rún ar fáil go poiblí trí bhíthin an Bhunachair Shonraí.

Airteagal 11

Fógra a thabhairt faoi cheimiceáin a gcuirtear toirmeasc nó srian mór orthu faoin gCoinbhinsiún

1. Tabharfaidh an Coimisiún fógra i scríbhinn don Rúnaíocht faoi aon cheimiceán a liostaítear i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I, a bheidh incháilithe d'fhógra PIC.

2. Tráth ar bith a gcuirtear ceimiceáin bhreise le Cuid 2 d'Iarscríbhinn I de bhun an dara fhomhír d'Airteagal 23(2), tabharfaidh an Coimisiún fógra don Rúnaíocht maidir leis na ceimiceáin sin. Tiolacfar an fógra PIC sin a luaithe is féidir tar éis an gníomh rialála críochnaitheach ábhartha de chuid an Aontais a ghlacadh lena gcuirfear toirmeasc nó srian mór ar an gceimiceán, tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis an dáta a mbeidh an gníomh rialála críochnaitheach le cur i bhfeidhm.

3. Cuirfidh an fógra PIC an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil de réir mar a éilítear in Iarscríbhinn IV.

4. Agus tosaíochtaí á gcinneadh aige le haghaidh fógraí, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an bhfuil an ceimiceán liostaithe cheana féin i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I, an méid is féidir na ceanglais faisnéise a leagtar síos in Iarscríbhinn IV a chomhlíonadh, agus déine na rioscaí a bhaineann leis an gceimiceán, go háirithe do thíortha i mbéal forbartha.

I gcás ina mbeidh ceimiceán incháilithe d'fhógra PIC, ach nach mbeidh an fhaisnéis leordhóthanach chun ceanglais Iarscríbhinn IV a chomhlíonadh, déanfaidh onnmhairioirí aitheanta nó allmhairioirí aitheanta, arna iarraidh sin don Choimisiún, an fhaisnéis ábhartha uile a bheidh ar fáil dóibh, lena n-áirítear an fhaisnéis ó chlár náisiúnta nó idirnáisiúnta rialaithe ceimiceán eile, a chur ar fáil faoi cheann 60 lá den iarraidh a dhéanamh.

5. Cuirfidh an Coimisiún fógra i scríbhinn chuig an Rúnaíocht nuair a leasófar gníomh rialála críochnaitheach faoi mhír 1 nó faoi mhír 2 a luaite is féidir tar éis an gníomh rialála críochnaitheach nua a ghlacadh, tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis an dáta a mbeidh an gníomh rialála críochnaitheach nua le cur i bhfeidhm.

Cuirfidh an Coimisiún ar fáil an fhaisnéis ábhartha uile nach raibh ar fáil an tráth a ndearnadh an chéad fhógra faoi mhír 1 nó faoi mhír 2 faoi seach.

6. Arna iarraidh sin d'aon Pháirtí nó don Rúnaíocht, cuirfidh an Coimisiún faisnéis bhreise ar fáil faoin gceimiceán nó faoin ngníomh rialála críochnaitheach, a mhéid is féidir.

Ar iarraidh a fháil, cuideoidh na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht leis an gCoimisiún de réir mar is gá i dtiomsú na faisnéise sin.

7. Cuirfidh an Coimisiún láithreach chuig na Ballstáit agus chuig an nGníomhaireacht aon fhaisnéis a gheobhaidh sé ón Rúnaíocht a bhaineann le ceimiceáin ar fógraíodh gur chuir Pháirtithe eile toirmeasc nó srian mór orthu.

I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún measúnú i ndlúth-chomhar leis na Ballstáit agus leis an nGníomhaireacht ar an ngá le bearta a mholadh ar leibhéal an Aontais d'fhonn aon rioscaí a bheadh neamh-inghlactha maidir le sláinte an duine nó maidir leis an gcomhshaol laistigh den Aontas a chosc.

8. I gcás ina nglacfaidh Ballstát gníomh rialála críochnaitheach náisiúnta i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais chun toirmeasc nó srian mór a chur ar cheimiceán, cuirfidh sé an fhaisnéis ábhartha ar fáil don Choimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil do na Ballstáit. Faoi cheann ceithre seachtaine ón bhfaisnéis sin a bheith curtha ar fáil, féadfaidh na Ballstáit barúlacha faoi fhógra PIC a d'fhéadfaí a dhéanamh, lena n-áirítear, go háirithe, faisnéis ábhartha faoina staid rialála náisiúnta i dtaca leis an gceimiceán, a sheoladh chuig an gCoimisiún agus chuig an mBallstát a thíolaic an gníomh rialála críochnaitheach náisiúnta. Tar éis na barúlacha a bhreithniú, cuirfidh an Ballstát a dhéanfaidh an tíolacadh in iúl don Choimisiún cibé an mbeidh ar an gCoimisiún:

(a) fógra PIC a thabhairt don Rúnaíocht de bhun an Airteagail seo; nó

(b) an fhaisnéis a sholáthar don Rúnaíocht, de bhun Airteagal 12.

Airteagal 12

Faisnéis atá le tarchur chuig an Rúnaíocht i ndáil le ceimiceáin a gcuirtear toirmeasc nó srian mór orthu agus nach bhfuil incháilithe d'fhógra PIC

I gcás na gceimiceán nach liostaítear ach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I nó tar éis faisnéis a fháil ó Bhallstát de bhun phointe (b) d'Airteagal 11(8), cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil don Rúnaíocht faoi na gníomhartha rialála críochnaitheacha ábhartha, ionas gur féidir an fhaisnéis a scaipeadh ar Pháirtithe eile sa Choinbhinsiún de réir mar is iomchuí.

Airteagal 13

Oibleagáidí i dtaca le ceimiceáin a allmhairiú

1. Déanfaidh an Coimisiún aon treoirdhoiciméid do chinneadh a gheobhaidh sé ón Rúnaíocht a chur ar aghaidh láithreach chuig na Ballstáit agus chuig an nGníomhaireacht.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinneadh allmhairíochta a ghlacadh i bhfoirm freagartha allmhairíochta críochnaithí nó i bhfoirm freagartha allmhairíochta idirthréimhsí thar ceann an Aontais maidir le hallmhairiú an cheimiceáin lena mbaineann sa todhchaí. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 27(2). Cuirfidh an Coimisiún an cinneadh in iúl don Rúnaíocht a luaite is féidir, tráth nach déanaí ná naoi mí tar éis an dáta ar sheol an Rúnaíocht an treoirdhoiciméad do chinneadh.

I gcás ina dtagann ceimiceán chun bheith faoi réir srianta breise nó srianta leasaithe faoi reachtaíocht an Aontais, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinneadh allmhairíochta athbreithnithe a ghlacadh. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 27(2). Cuirfidh an Coimisiún an cinneadh allmhairíochta athbreithnithe in iúl don Rúnaíocht.

2. I gcás ceimiceáin a gcuirfidh Ballstát amháin nó níos mó ná sin toirmeasc nó srian mór air, déanfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin i scríbhinn don Bhallstát a bheidh i dtrácht, an fhaisnéis a chur san áireamh ina chinneadh allmhairíochta.

3. Bainfidh cinneadh allmhairíochta faoi mhír 1 leis an gcatagóir nó leis na catagóirí a shonrófar don cheimiceán sa treoirdhoiciméad do chinneadh.

4. Nuair a chuirfidh an Coimisiún an cinneadh allmhairíochta in iúl don Rúnaíocht, déanfaidh sé cur síos ar an mbeart reachtach nó ar an mbeart riaracháin ar ar bunaíodh é a chur ar fáil.

5. Cuirfidh gach údarás náisiúnta ainmnithe de chuid na mBallstát na cinntí allmhairíochta faoi mhír 1 ar fáil dóibh siúd lena mbaineann a bheidh laistigh dá inniúlacht, i gcomhréir lena bhearta reachtaíochta nó lena bhearta riaracháin. Cuirfidh an Gníomhaireacht an cinneadh allmhairíochta faoi mhír 1 ar fáil go poiblí trí bhíthin an Bhunachair Shonraí.

6. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún measúnú, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an nGníomhaireacht, ar an ngá le bearta a bheartú ar leibhéal an Aontais d'fhonn aon rioscaí a bheadh neamh-inghlactha maidir le sláinte an duine nó maidir leis an gcomhshaol laistigh den Aontas a chosc, agus an fhaisnéis a thabharfar sa treoirdhoiciméad do chinneadh á cur san áireamh.

Airteagal 14

Oibleagáidí maidir le ceimiceáin a onnmhairiú seachas fógra onnmhairíochta a thabhairt

1. An fhaisnéis a gheobhaidh an Coimisiún ón Rúnaíocht maidir le ceimiceáin a bheidh faoi réir nós imeachta PIC agus cinntí na bPáirtithe allmhairíochta maidir le coinníollacha allmhairíochta is infheidhme maidir leis na ceimiceáin sin, cibé an i bhfoirm ciorclán nó i bhfoirm eile a bheidh an fhaisnéis, cuirfidh sé ar aghaidh láithreach chuig na Ballstáit, chuig an nGníomhaireacht agus chuig comhlachais Eorpacha tionscal í. Cuirfidh sé ar aghaidh láithreach freisin chuig na Ballstáit agus chuig an nGníomhaireacht aon fhaisnéis faoi chásanna ina ndearnadh mainneachtain freagairt a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 10(2) den Choinbhinsiún. Sannfaidh an Gníomhaireacht uimhir thagartha shainitheanta do gach cinneadh agus coinneoidh sí an fhaisnéis uile maidir leis na cinntí sin ar fáil go poiblí trí bhithin an Bhunachair Shonraí, agus cuirfidh sí an fhaisnéis sin ar fáil d'aon duine arna iarraidh sin dó.

2. Sannfaidh an Coimisiún aicmiú in Ainmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh do gach ceimiceán a liostaítear in Iarscríbhinn I. Coigeartófar na haicmí sin de réir mar is gá i bhfianaise aon athruithe a dhéanfar ar Chóras Comhchuibhithe Ainmníochta na hEagraíochta Domhanda Chustaim nó in Ainmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh do na ceimiceáin lena mbaineann.

3. Déanfaidh gach Ballstát an fhaisnéis agus na cinntí a chuirfidh an Coimisiún ar aghaidh faoi mhír 1 a chur in iúl dóibh siúd lena mbaineann a bheidh laistigh dá dhlínse.

4. Comhlíonfaidh onnmhairíochtaí cinntí i ngach freagairt allmhairíochta tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis don Rúnaíocht na cinntí sin a chur in iúl ar dtús don Choimisiún faoi mhír 1.

5. Cuirfidh an Coimisiún, agus an Gníomhaireacht de chúnamh aige, agus na Ballstáit comhairle agus cúnamh ar fáil do na Páirtithe allmhairíochta, arna iarraidh sin dóibh agus de réir mar is iomchuí, chun tuilleadh faisnéise a fháil a bhfuil gá léi chun freagairt a ullmhú don Rúnaíocht maidir le ceimiceán áirithe a allmhairiú.

6. Substaintí a liostaítear i gCuid 2 nó i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I nó meascáin ina bhfuil substaintí den sórt sin i dtiúchan a spreagann oibleagáidí lipéadaithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 is cuma an bhfuil substaintí eile ann nó nach bhfuil, gan féachaint don úsáid atá beartaithe dóibh sa Pháirtí allmhairíochta nó i dtír eile, ní onnmhairíofar iad mura gcomhlíonfar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur iarr an t-onnmhairíochtaí toiliú sainráite don allmhairiú agus go bhfuair sé é sin trí údarás náisiúnta ainmnithe Bhallstát an onnmhairíochta i gcomhairle leis an gCoimisiún, agus an Gníomhaireacht de chúnamh aige, agus le húdarás náisiúnta ainmnithe an Pháirtí allmhairíochta nó le húdarás iomchuí i dtír eile allmhairíochta;

(b) i gcás ceimiceán a liostaítear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I, go sonrófar sa chiorclán is déanaí a d'eisigh an Rúnaíocht de bhun mhír 1 go bhfuil toiliú tugtha ag an bPáirtí allmhairíochta don allmhairiú.

I gcás ceimiceán a liostaítear i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a bheidh le honnmhairiú chuig tíortha ECFE, féadfaidh údarás náisiúnta ainmnithe Bhallstát an onnmhairíochta, ar iarraidh ón onnmhairíochta, i gcomhairle leis an gCoimisiún agus ar bhonn cás ar chás, a chinneadh nach mbeidh gá le toiliú sainráite más rud é, tráth an allmhairíochta isteach sa tír ECFE lena mbaineann, go ndéanfar an ceimiceán a cheadú, a chlárú nó a údarú sa tír ECFE sin.

I gcás inar iarradh toiliú sainráite de bhun phointe (a) den chéad fhómhír, seolfaidh an Gníomhaireacht, thar ceann an Choimisiúin, meabhrán mura bhfuair an Gníomhaireacht freagairt ar an iarraidh faoi cheann 30 lá, ach amháin má fuair an Coimisiún nó údarás náisiúnta ainmnithe Bhallstát an onnmhairíochta freagairt agus má chuir siad ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht í. I gcás inarb iomchuí, mura bhfaighfear freagairt faoi cheann 30 lá eile, féadfaidh an Gníomhaireacht meabhráin eile a sheoladh de réir mar is gá.

7. I gcás ceimiceán a liostaítear i gCuid 2 nó i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I, féadfaidh údarás náisiúnta ainmnithe Bhallstát an onnmhairíochta, i gcomhairle leis an gCoimisiún agus an Gníomhaireacht de chúnamh aige, ar bhonn cás ar chás agus faoi réir an dara fhómhír, a chinneadh go bhféadfaidh an t-onnmhairiú dul ar aghaidh, más rud é nach bhfuil aon fhianaise ann ó fhoinsí oifigiúla gurb ann do ghníomh rialála críochnaitheach chun úsáid an cheimiceán a thoirmeasc nó srian mór a chur air, arna dhéanamh ag an bPáirtí allmhairíochta nó ag an tír eile allmhairíochta agus más rud é, tar éis gach iarracht réasúnta a dhéanamh, nach bhfuarthas freagairt ar iarraidh ar thoiliú sainráite de bhun phointe (a) de mhír 6 faoi cheann 60 lá agus i gcás go gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil fianaise ann ó fhoinsí oifigiúla sa Pháirtí allmhairíochta nó sa tír eile allmhairíochta go bhfuil an ceimiceán ceadúnaithe, cláraithe nó údaraithe; nó

(b) nach bhfuil an úsáid bheartaithe atá dearbhaithe san fhógra onnmhairíochta agus atá deimhnithe i scríbhinn ag an duine nádúrtha nó dlítheanach atá ag allmhairiú an cheimiceán isteach i bPáirtí nó i dtír eile, i gcatagóir ina liostaítear an ceimiceán i gCuid 2 nó i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I; agus go bhfuil fianaise ann ó fhoinsí oifigiúla gur úsáideadh an ceimiceán sna cúig bliana dheireanacha sa Pháirtí allmhairíochta nó sa tír eile allmhairíochta lena mbaineann nó gur allmhairíodh an ceimiceán chuig an bPáirtí allmhairíochta nó chuig an tír eile allmhairíochta lena mbaineann.

I gcás ceimiceán a liostaítear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I, ní fhéadfaidh onnmhairiú atá bunaithe ar chomhlíonadh an choinníll faoi phointe (b) dul ar aghaidh má aicmíodh an ceimiceán i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 mar charcanaigineach de chatagóir 1A nó de chatagóir 1B, nó mar shó-ghineach de chatagóir 1A nó 1B, nó mar thocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó de chatagóir 1B nó má chomhlíonann an ceimiceán critéir Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 maidir le bheith marthanach, bithcharnach agus tocsaineach nó an-mharthanach agus an-bhithcharnach.

Agus cinneadh á dhéanamh ar onnmhairiú ceimiceán a liostaítear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I, déanfaidh údarás náisiúnta Bhallstát an onnmhaireora ainmnithe, i gcomhairle leis an gCoimisiún agus an Ghníomhaireacht de chúnamh aige, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gceimiceán sin ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol sa Pháirtí allmhairíochta nó sa tír eile allmhairíochta a bhreithniú, agus déanfaidh sé doiciméid ábhartha a chur isteach chuig an nGníomhaireacht, is doiciméid a bheidh le cur ar fáil trí bhithin an Bhunachair Shonraí.

8. Beidh bailíocht gach toilithe shainráite a gheofar de bhun phointe (a) de mhír 6 nó gach cinneadh chun dul ar aghaidh leis an onnmhairiú in éagmais toiliú shainráite de bhun mhír 7 faoi réir athbhreithnithe thréimhsiúil ag an gCoimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit lena mbaineann mar a leanas:

(a) i gcás gach toilithe shainráite a gheofar de bhun phointe (a) de mhír 6, éileofar toiliú sainráite nua faoi dheireadh an trí bliain féilire tar éis an toiliú a thabhairt, mura n-éileoidh téarmaí an toilithe a mhalairt;

(b) mura bhfaighfear freagairt ar iarraidh idir an dá linn, beidh gach cinneadh chun dul ar aghaidh gan toiliú sainráite de bhun mhír 7 bailí ar feadh uastréimhse 12 mhí, agus nuair a rachaidh an tréimhse sin in éag éileofar toiliú sainráite.

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír seo, féadfar leanúint ar aghaidh le honnmhairiú tar éis dheireadh na tréimhse ábhartha, ar feitheamh ar fhreagairt ar iarraidh nua ar thoiliú sainráite, ar feadh tréimhse breise 12 mhí.

9. Déanfaidh an Ghníomhaireacht gach iarraidh ar thoiliú sainráite, gach freagairt a fuair sí agus gach cinneadh dul ar aghaidh gan toiliú sainráite, lena n-áirítear doiciméid dá dtagraítear sa tríú fomhír de mhír 7, a chlárú sa Bhunachair Sonraí. Tabharfar uimhir thagartha shainaitheantais do gach toiliú sainráite a gheofar nó a tharscaoilfear agus liostófar é in éineacht leis an bhfaisnéis ábhartha go léir maidir le haon choinníollacha a ghabhann leis, amhail dátaí bailíochta. Déanfar an fhaisnéis nach mbeidh faoi rún a chur ar fáil go poiblí trí bhithin an Bhunachair Shonraí.

10. Ní onnmhaireofar aon cheimiceán tráth nach déanaí ná sé mhí roimh a dháta éaga, i gcás gur ann don dáta sin nó nuair

is féidir é a thuiscint ón dáta táirgthe, mura mbeidh sin dodhéanta de bharr airíonna intreacha an cheimiceáin. I gcás lotnaidicídí go háirithe, áiritheoidh onnmhaireoirí go mbarrfheabhsófaí toirt agus pacáistiú coimeádán chun go n-íoslaghdófaí an riosca go gcruthófaí stoic chrionna.

11. Nuair a bheidh lotnaidicídí á n-onnmhairiú, áiritheoidh onnmhaireoirí go mbeidh faisnéis shonrach ar an lipéad maidir le coinníollacha stórála agus maidir le seasmhacht stórála faoi dhálaí aeráide an Pháirtí allmhairíochta nó na tíre eile allmhairíochta. Fairis sin, áiritheoidh siad go gcomhlíonfaidh na lotnaidicídí a onnmhaireofar an tsonraíocht íonachta a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais.

Airteagal 15

Ceimiceán agus earraí áirithe a onnmhairiú

1. Beidh earraí faoi réir an nós imeachta um fhógra onnmhairíochta a leagtar síos in Airteagal 8 má tá aon cheann de na nithe seo a leanas iontu:

(a) substaintí a liostaítear i gCuid 2 nó i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I i bhfoirm neamh-imoibrithe;

(b) meascáin ina bhfuil substaintí den sórt sin i dtiúchan a spreagann oibleagáidí lipéadaithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 is cuma an bhfuil aon substaintí eile ann.

2. Ní onnmhaireofar ceimiceáin ná earraí a liostaítear in Iarscríbhinn V agus a bhfuil a n-úsáid toirmiscthe san Aontas chun sláinte an duine nó an comhshaol a chosaint.

Airteagal 16

Faisnéis maidir le gluaiseachtaí idirthurais

1. Liostófar in Iarscríbhinn VI na Páirtithe sa Choinbhinsiún a éileoidh faisnéis maidir le gluaiseachtaí idirthurais ceimiceán a bheidh faoi réir nós imeachta PIC, mar aon leis an bhfaisnéis a éileoidh gach Páirtí sa Choinbhinsiún tríd an Rúnaíocht.

2. I gcás ina n-íomprófar ceimiceán a liostaítear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I trí chríoch Páirtí sa Choinbhinsiún a liostaítear in Iarscríbhinn VI, déanfaidh an t-onnmhaireoir, a mhéid is féidir, an fhaisnéis a éileoidh an Páirtí sa Choinbhinsiún i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a chur ar fáil d'údarás náisiúnta ainmnithe Bhallstát an onnmhaireora ina mbeidh sé bunaithe, tráth nach déanaí ná 30 lá sula ndéanfar an chéad gluaiseacht idirthurais agus tráth nach déanaí ná ocht lá roimh gach gluaiseacht idirthurais dá éis sin.

3. Déanfaidh údarás náisiúnta ainmnithe Bhallstát an onnmhaireora an fhaisnéis a fuair sé ón onnmhaireoir faoi mhír 2 a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún maille le cóip chuig an nGníomhaireacht, mar aon le haon fhaisnéis bhreise a bheidh ar fáil.

4. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a fuarthas faoi mhír 3 a chur ar aghaidh chuig údaráis náisiúnta ainmnithe na bPáirtithe sa Choinbhinsiún a éilíonn an fhaisnéis sin, mar aon le haon fhaisnéis bhreise a bheidh ar fáil, tráth nach déanaí ná 15 lá roimh an gcéad ghluaiseacht idirthurais agus roimh aon ghluaiseacht idirthurais dá éis sin.

Airteagal 17

Faisnéis a ghabhfaidh le ceimiceáin a onnmhairítear

1. Beidh ceimiceáin a bheartaítear a onnmhairiú faoi réir na bhforálacha maidir le pacáistiú agus le lipéadú a bhunaítear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, i dTreoir 98/8/CE agus i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, nó dá mbun, nó in aon reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais nó dá bun sin.

Beidh an chéad fhomhír infheidhme mura rud é go mbeadh na forálacha sin ar neamhréir le ceanglais shonracha na bPáirtithe allmhairíochta agus na dtíortha eile allmhairíochta.

2. I gcás inarb iomchuí, cuirfear in iúl ar an lipéad dáta éaga agus dáta táirgthe ceimiceán dá dtagraítear i mír 1 nó a liostaítear in Iarscríbhinn I agus, más gá, tabharfar dátaí éaga den sórt sin do chriosanna éagsúla aeráide.

3. Gabhfaidh bileog sonraí sábháilteachta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 leis na ceimiceáin dá dtagraítear i mír 1 nuair a onnmhaireofar iad. Seolfaidh an t-onnmhaireoir bileog sonraí sábháilteachta den sórt sin chuig gach duine nádúrtha nó dlítheanach atá ag allmhairiú an cheimiceáin isteach i bPáirtí nó i dtír eile.

4. Cuirfear an fhaisnéis ar an lipéad agus ar an mbileog sonraí sábháilteachta ar fáil a mhéid is féidir i dteangacha oifigiúla na tíre cinn scríbe nó an limistéir ina mbeartaítear iad a úsáid nó i gceann amháin nó níos mó ná sin de phríomhtheangacha na tíre sin nó an limistéir sin.

Airteagal 18

Oibleagáidí údarás na mBallstát allmhairiú agus onnmhairiú a rialú

1. Ainmneoidh gach Ballstát údaráis amhail údaráis chustaim a bheidh freagrach as allmhairiú agus as onnmhairiú na gceimiceán a liostaítear in Iarscríbhinn I a rialú, mura mbeidh sin déanta aige cheana roimh theacht i bhfeidhm don Rialachán seo.

Feidhmeoidh an Coimisiún, le tacaíocht ón nGníomhaireacht, agus na Ballstáit ar bhealach dírithe comhordaithe chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo ag na honnmhaireoirí.

2. Bainfear úsáid as an bhFóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfeidhmiúchán, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, chun gréasán d'údaráis na mBallstát atá freagrach as forfeidhmiú an Rialacháin seo a chomhordú.

3. Déanfaidh gach Ballstát sonraí faoi ghníomhaíochtaí a údarás i dtaca leis sin a chuimsiú ina thuarascálacha tráthrialta maidir le feidhmiú nósanna imeachta de bhun Airteagal 22(1).

Airteagal 19

Oibleagáidí breise onnmhaireoirí

1. Soláthróidh onnmhaireoirí ceimiceán atá faoi réir na n-oibleagáidí atá leagtha amach in Airteagal 8(2) agus (4) na huimhreacha tagartha sainaitheantais infheidhme ina ndearbhú onnmhairíochta (bosca 44 de na Doiciméid Riaracháin Aonair nó mír sonraí chomhfhreagrach i ndearbhú leictreonach onnmhairíochta) dá dtagraítear in Airteagal 161(5) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92.

2. Gheobhaidh onnmhaireoirí ceimiceáin atá díolmhaithe le hAirteagal 8(5) ó na hoibleagáidí atá leagtha amach i mír 2 agus i mír 4 den Airteagal sin nó ceimiceán lena bhfuil deireadh tagtha leis na hoibleagáidí sin i gcomhréir le hAirteagal 8(6) uimhir thagartha shainaitheantais speisialta trí bhíthin an Bhunachair Shonraí agus déanfaidh siad an uimhir thagartha shainaitheantais sin a sholáthar ina ndearbhú onnmhairíochta.

3. I gcás ina n-iarrfaidh an Ghníomhaireacht é, bainfidh onnmhaireoirí úsáid as an mBunachar Sonraí chun faisnéis a chur isteach, ar fhaisnéis í a bhfuil gá léi chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

Airteagal 20

Malartú Faisnéise

1. Éascóidh an Coimisiún, agus an Ghníomhaireacht de chúnamh aige, agus na Ballstáit, de réir mar is iomchuí, soláthar faisnéise eolaíche, teicniúla, eacnamaíche agus dlíthiúla maidir le ceimiceáin a bheidh faoi réir an Rialacháin seo, lena n-áirítear faisnéis thocsaineolaíoch, éiceathocsaineolaíoch agus sábháilteachta.

Déanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht ó na Ballstáit agus ón nGníomhaireacht de réir mar is gá, mar is iomchuí, an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go ndéanfar faisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le gníomhartha rialála a bheidh ábhartha maidir le cuspóirí an Choinbhinsiúin a chur ar fáil;

(b) go gcuirfear faisnéis ar fáil do Pháirtithe agus do thíortha eile go díreach nó tríd an Rúnaíocht faoi na gníomhartha sin a chuirfidh srian suntasach ar úsáid amháin de cheimiceán nó níos mó ná úsáid amháin de.

2. Cosnóidh an Coimisiún, na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht aon fhaisnéis faoi rún a gheobhaidh siad ó Pháirtí nó ó tír eile mar a chomhaontófar go frithpháirteach.

3. Maidir le tarchur faisnéise faoin Rialachán seo, agus gan dochar do Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol ⁽¹⁾, ní mheasfar gur faisnéis atá faoi rún an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad:

- (a) an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn IV;
 - (b) an fhaisnéis a bheidh sna bileoga sonraí sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 17(3);
 - (c) dáta éaga ceimiceáin;
 - (d) dáta táirgthe ceimiceáin;
 - (e) faisnéis maidir le bearta réamhchúraim, lena n-áirítear aicmiú guaise, cineál an riosca agus an chomhairle ábhartha sábháilteachta;
 - (f) torthaí achoimre tástálacha tocsaineolaíocha agus éiceathoc-saineolaíocha;
 - (g) faisnéis faoi láimhseáil pacáistithe tar éis do na ceimiceáin a bheith bainte as.
4. Déanfaidh an Ghníomhaireacht cnuasach den fhaisnéis arna tarchur a ullmhú gach dhá bhliain.

Airteagal 21

Cúnamh teicniúil

Agus riachtanais ar leith tíortha atá i mbéal forbartha agus tíortha a bhfuil a ngeilleagair ag athrú á gcur san áireamh acu, rachaidh an Coimisiún, údarais náisiúnta ainmnithe na mBallstát agus an Ghníomhaireacht i gcomhar le chéile i dtaca le cúnamh teicniúil, lena n-áirítear oiliúint, a chur chun cinn chun an bonneagar, an acmhainn agus an saineolas is gá a fhorbairt chun ceimiceáin a bhainistiú i gceart ar feadh a saolréanna ar fad.

Go háirithe, d'fhonn a chur ar chumas na dtíortha sin an Coinbhinsiún a chur chun feidhme, cuirfear cúnamh teicniúil chun cinn trí fhaisnéis theicniúil a sholáthar faoi cheimiceáin, trí mhalartú saineolaithe a chur chun cinn, trí thacaíocht a thabhairt chun údarais náisiúnta ainmnithe a bhunú nó a chothabháil agus trí shaineolas teicniúil a sholáthar chun foirmli lotnaidicídí guaiseacha a shainaithint agus chun fógraí a ullmhú le tabhairt don Rúnaíocht.

Beidh an Coimisiún agus na Ballstáit rannpháirteach ar bhonn gníomhach i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta maidir le neartú

acmhainní i mbainistiú ceimiceán, trí fhaisnéis a sholáthar maidir leis na tionscail a bheidh á dtacú nó á maoiniú acu chun bainistiú ceimiceán a fheabhsú i dtíortha atá i mbéal forbartha agus i dtíortha a bhfuil a ngeilleagair ag athrú. Ina theannta sin, breithneoidh an Coimisiún agus na Ballstáit an dtabharfaidh siad tacaíocht d'eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Airteagal 22

Faireachán agus tuairisciú

1. Cuirfidh na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht faisnéis chuig an gCoimisiún gach trí bliana maidir le hoibriú na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, lena n-áirítear rialuithe custaim, sáruithe, pionóis agus gníomhaíocht feabhais de réir mar is iomchuí. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena leagtar síos roimh ré formáid choiteann don tuairisciú. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(2).

2. Tiomsóidh an Coimisiún tuarascáil gach trí bliana maidir le feidhmiú na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus a bhfuil sé freagrach astu agus ionchorpróidh sé an tuarascáil sin i dtuarascáil sintéise ina gcomhtháthófar an fhaisnéis a chuirfidh na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht ar fáil faoi mhír 1. Cuirfear achoimre den tuarascáil sin ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus foilseofar an achoimre ar an idirlíon.

3. Maidir leis an bhfaisnéis a sholáthrófar de bhun mhír 1 agus mhír 2, comhlíonfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht na hoibleagáidí ábhartha chun rúndacht agus úinéireacht na sonraí a chosaint.

Airteagal 23

Na hIarscríbhinní a thabhairt cothrom le dáta

1. Athbhreithneoidh an Coimisiún an liosta ceimiceán in Iarscríbhinn I gach bliain ar a laghad, ar bhonn forbairtí i ndlí an Aontais agus faoin gCoinbhinsiún.

2. Agus cinneadh á dhéanamh an ionann gníomh rialála críochnaitheach ar leibhéal an Aontais agus toirmeasc nó srian mór, déanfar éifeacht an ghnímh sin a mheas ar leibhéal na bhfochatagóirí laistigh de na catagóirí "lotnaidicídí" agus "ceimiceáin thionsclaíocha". Má chuireann an gníomh rialála críochnaitheach sin toirmeasc nó srian mór ar cheimiceán laistigh d'aon cheann de na fochatagóirí, cuimseofar i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I é.

Agus cinneadh á dhéanamh an ionann gníomh rialála críochnaitheach ar leibhéal an Aontais agus toirmeasc nó srian mór ar dhóigh go mbeadh an ceimiceán sin incháilithe d'fhógra PIC faoi Airteagal 11, déanfar éifeacht an ghnímh sin a mheasúnú ar leibhéal na gcatagóirí "lotnaidicídí" agus "ceimiceáin thionsclaíocha". Má chuireann an gníomh rialála críochnaitheach toirmeasc nó srian mór ar cheimiceán in aon cheann de na fochatagóirí, cuimseofar i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I freisin é.

⁽¹⁾ IO L 41, 14.2.2003, lch. 26.

3. Glacfar an cinneadh ceimiceáin a chuimsiú in Iarscríbhinn I, nó a n-iontráil a mhodhnú i gcás inarb iomchuí, gan mhoill mhíchuí.

4. D'fhonn an Rialachán seo a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 maidir leis na bearta seo a leanas:

- (a) ceimiceán a chuimsiú i gCuid 1 nó i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I de bhun mhír 2 den Airteagal seo tar éis gnímh rialaitheigh chríochnaithigh ar leibhéal an Aontais, agus leasuithe eile ar Iarscríbhinn I, lena n-áirítear modhnuithe ar iontrálacha atá ann cheana;
- (b) ceimiceán a bheidh faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le truailléin orgánacha marthanacha ⁽¹⁾ a chuimsiú i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V;
- (c) ceimiceán atá faoi réir cheana ag toirmeasc onnmhairíochta ar leibhéal an Aontais a chuimsiú i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V;
- (d) iontrálacha atá cheana in Iarscríbhinn V a mhodhnú;
- (e) Iarscríbhinní II, III, IV agus VI a leasú.

Airteagal 24

Buiséad na Gníomhaireachta

1. Chun críocha an Rialacháin seo, is iad na nithe seo a leanas a bheidh in ioncam na Gníomhaireachta:

- (a) fóirdheontas ón Aontas, a iontrálfar i mbuiséad ginearálta an Aontais (Roinn an Choimisiúin);
- (b) aon ranníocaíocht dheonach ó na Ballstáit.

2. Déileálfar ar bhonn leithligh le hioncam agus caiteachas le haghaidh gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo agus le hioncam agus caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí faoi Rialacháin eile, trí ranna éagsúla i mbuiséad na Gníomhaireachta.

Úsáidfear ioncam na Gníomhaireachta dá dtagraítear i mír 1 chun a cúraimí faoin Rialachán seo a chur i gcrích.

3. Scrúdóidh an Coimisiún an iomchuí go ngearrfadh an Gníomhaireacht táille as na seirbhísí a sholáthraítear d'onnmhairíochtaí faoi cheann cúig bliana ón 1 Márta 2014 agus, más gá, cuirfidh sé togra ábhartha isteach.

Airteagal 25

Formáidí agus bogearraí chun faisnéis a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta

Sonróidh an Gníomhaireacht formáidí agus pacáistí bogearraí agus cuirfidh sí iad ar fáil saor in aisce ar a suíomh gréasáin le

haghaidh aon fhaisnéise a chuirtear faoi bhráid na Gníomhaireachta. Úsáidfí na Ballstáit agus páirtithe eile atá faoi réir an Rialacháin seo na formáidí agus na pacáistí sin agus faisnéis á cur faoi bhráid na Gníomhaireachta de bhun an Rialacháin seo acu.

Airteagal 26

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar na cumhachtaí don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 23(4), a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón 1 Márta 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 23(4) a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 23(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle faoi cheann tréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó ar thionscnamh na Comhairle.

Airteagal 27

An nós imeachta coiste

1. Beidh Coiste a bhunaítear le hAirteagal 133 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

⁽¹⁾ IO L 158, 30.4.2004, lch. 7.

*Airteagal 28***Pionóis**

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis a bheidh infheidhme maidir le sáruihte ar fhorálacha an Rialacháin seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear na forálacha sin chun feidhme i gceart. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Mura mbeidh sé déanta acu roimh theacht i bhfeidhm don Rialachán seo, cuirfidh na Ballstáit na forálacha sin in iúl don Choimisiún faoin 1 Márta 2014 agus cuirfidh siad aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh in iúl dó gan mhoill.

*Airteagal 29***Idirthréimhse maidir le ceimiceán a aicmiú, a lipéadú agus a phacáistiú**

Forléireofar tagairtí sa Rialachán seo do Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, i gcás inarb iomchuí, mar thagairtí do reachtaíocht an Aontais atá infheidhme de bhua Airteagal 61 den Rialachán sin agus i gcomhréir leis an amchlár atá leagtha amach ann.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 4 Iúil 2012.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

*Airteagal 30***Aisghairm**

Déanfar Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 a aisghairm le héifeacht ón 1 Márta 2014.

Déanfar tagairtí do Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn VII.

*Airteagal 31***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Márta 2014.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. D. MAVROYIANNIS

IARSCRÍBHINN I

LIOSTA CEIMICEÁN

(dá dtagraítear in Airteagal 7)

CUID 1

Liosta ceimiceán atá faoi réir an nós imeachta um fhógra onnmhairíochta a thabhairt

(dá dtagraítear in Airteagal 8)

Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcás ina mbeidh ceimiceáin a liostaítear sa chuid seo den Iarscríbhinn faoi réir nós imeachta PIC, nach mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí maidir le fógra onnmhairíochta a thabhairt a leagtar amach in Airteagal 8(2), (3) agus (4) ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (b) agus i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 8(6). Déantar ceimiceáin den sórt sin, a aithnítear leis an tsiombail “#” sa liosta thíos, a liostú arís i gCuid 3 den Iarscríbhinn seo ar mhaithe le tagairt dóibh a éascú.

Ba cheart a thabhairt faoi deara chomh maith, i gcás ina mbeidh na ceimiceáin a liostaítear sa chuid seo den Iarscríbhinn incháilithe d'fhógra PIC toisc cineál ghníomh rialála críochnaitheach an Aontais, go liostaítear na ceimiceáin sin chomh maith i gCuid 2 den Iarscríbhinn seo. Aithnítear ceimiceáin den sórt sin leis an tsiombail “+” sa liosta thíos.

An ceimiceán	Uimh. CAS	Uimh. Eínecs	Cód AC	Fochatagóir (*)	Teorainn ar úsáid (**)	Tíortha nach n-éilítear aon fhógra ina leith
1,1,1-Tríchlóireatán	71-55-6	200-756-3	2903 19 10	i(2)	b	
1,2-Débhroimeatán (Débhroimid eitéiléine) (#)	106-93-4	203-444-5	2903 31 00	p(1)-p(2)	b-b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
1,2-Déchlóireatán (déchlóiríd eitéiléine) (#)	107-06-2	203-458-1	2903 15 00	p(1)-p(2) i(2)	b-b b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
Cis-1,3-déchlórapróipéin ((1Z)-1,3-déchlórapróip-1-éin)	10061-01-5	233-195-8	2903 29 00	p(1)-p(2)	b-b	
1,3-déchlórapróipéin (†) (*)	542-75-6	208-826-5	2903 29 00	p(1)	b	
2-aimíneabútán	13952-84-6	237-732-7	2921 19 80	p(1)-p(2)	b-b	
2-Naiftiolaimín (naftailéin-2-aimín) agus a shalainn (*)	91-59-8, 553-00-4, 612-52-2 agus cinn eile	202-080-4, 209-030-0, 210-313-6 agus cinn eile	2921 45 00	i(1) i(2)	b b	
2-Aigéad naiftiolocsaicéiteach	120-23-0	204-380-0	2918 99 90	p(1)	b	
2,4,5-T agus a shalainn agus a eistir (#)	93-76-5 agus cinn eile	202-273-3 agus cinn eile	2918 91 00	p(1)-p(2)	b-b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/

An ceimiceán	Uimh. CAS	Uimh. Einecs	Cód AC	Fochatagóir (*)	Teorainn ar úsáid (**)	Tíortha nach n-éilítear aon fhógra ina leith
4-Aimínidhéhéinil (défhéinil-4-aimín) agus a salainn (*)	92-67-1, 2113-61-3 agus cinn eile	202-177-1 agus cinn eile	2921 49 80	i(1) i(2)	b b	
4-Nítridhéhéinil (*)	92-93-3	202-204-7	2904 20 00	i(1) i(2)	b b	
Aicéafáit (*)	30560-19-1	250-241-2	2930 90 85	p(1)-p(2)	b-b	
Aigéafluairfein	50594-66-6	256-634-5	2916 39 00	p(1)-p(2)	b-b	
Alaclór (*)	15972-60-8	240-110-8	2924 29 95	p(1)	b	
Aildíocarb (*)	116-06-3	204-123-2	2930 90 85	p(1)-p(2)	sr-b	
Aimetrin	834-12-8	212-634-7	2933 69 80	p(1)-p(2)	b-b	
Aimíotras (*)	33089-61-1	251-375-4	2925 29 00	p(1)-p(2)	b-b	
Antracúineon (*)	84-65-1	201-549-0	2914 61 00	p(1)-p(2)	b-b	
Comhdhúile arsanaice				p(2)	sr	
Snáithíní Aispeiste (*):	1332-21-4 agus cinn eile					Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
Croicidilít (#)	12001-28-4		2524 10 00	i	b	
Amaisít (#)	12172-73-5		2524 90 00	i	b	
Antaifillít (#)	77536-67-5		2524 90 00	i	b	
Achtainilít (#)	77536-66-4		2524 90 00	i	b	
Treimilít (#)	77536-68-6		2524 90 00	i	b	
Crisitíl (*)	12001-29-5 nó 132207-32-0		2524 90 00	i	b	
Atraisín (*)	1912-24-9	217-617-8	2933 69 10	p(1)	b	
Aisíonfos-eitil	2642-71-9	220-147-6	2933 99 90	p(1)-p(2)	b-b	
Aisíonfos-meitil (*)	86-50-0	201-676-1	2933 99 90	p(1)	b	
Beanfúracarb (*)	82560-54-1		2932 99 00	p(1)	b	
Bensultap	17606-31-4		2930 90 85	p(1)-p(2)	b-b	

An ceimiceán	Uimh. CAS	Uimh. Einecs	Cód AC	Fochatagóir (*)	Teorainn ar úsáid (**)	Tíortha nach n-éilítear aon fhógra ina leith
Beinséin (³)	71-43-2	200-753-7	2902 20 00	i(2)	sr	
Beinsidín agus a shalainn (*) Díorthaigh bheinsidín (*)	92-87-5, 36341-27-2 agus cinn eile	202-199-1, 252-984-8 agus cinn eile	2921 59 90	i(1)-i(2) i(2)	sr-b b	
Défhéintrin	82657-04-3		2916 20 00	p(1)	b	
Dénapaicríl (#)	485-31-4	207-612-9	2916 19 50	p(1)-p(2) i(2)	b-b b	Féach ar chiorclán PIC ag www.pic.int/
Bútrailín (*)	33629-47-9	251-607-4	2921 49 00	p(1)	b	
